Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10400/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0122(NLE)**

**SCH-EVAL 86**
**FRONT 255**
**COMIX 327**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9744/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar **Mhálta** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Mhálta maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha i ndáil le Málta idir an 20 agus an 24 Meán Fómhair 2021. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 940 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil a chuimsigh na torthaí agus na measúnuithe inar sonraíodh na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le glacadh ag Málta chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin, an léiriú staide náisiúnta, oiliúint a chur ar ghardaí teorann nua agus an fheasacht staide muirí agus an léiriú staide muirí, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí (5), (8) agus (15).

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 3 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart do Mhálta, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú ina liostófar na moltaí uile chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas, agus an plean gníomhaíochta sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle,

AG MOLADH:

gur cheart do Mhálta:

**Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip**

1. tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bPlean Teagmhais Náisiúnta maidir le bainistiú teorainneacha, agus é a ghlacadh agus a thástáil;

2. feabhas a chur ar an sásra rialaithe cáilíochta náisiúnta trí chomhpháirteanna uile an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip a chumhdach, foráil a dhéanamh maidir le meastóireachtaí atá córasach agus dea-phleanáilte agus maidir le tuarascálacha meastóireachta agus moltaí, a áirithiú go ndéanfar obair leantach bunaithe ar sprioc-amanna agus freagrachtaí soiléire;

3. feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht an bhailithe sonraí a dhéantar ar mhaithe le tuairisciú do mheasúnú leochaileachta Frontex, go háirithe i ndáil leis an líon ceisteanna i gCóras Faisnéise Schengen, i mbunachair sonraí náisiúnta agus sa Chóras Réamhaisnéise faoi Phaisinéirí chun críoch rialaithe teorann;

4. tuarascálacha straitéiseacha nó oibríochtúla a fhorbairt maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine agus an táscaire riosca maidir leis an sceimhlitheoireacht a thabhairt cothrom le dáta;

**An fheasacht staide náisiúnta agus Eorpach agus an córas luathrabhaidh – EUROSUR**

5. tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2019/1896[1], trí acmhainneacht oibríochtúil 24/7 agus rannpháirtíocht a áirithiú i gcomhordú, pleanáil agus cur chun feidhme an rialaithe teorann náisiúnta; léiriú staide náisiúnta cuimsitheach fíor-ama a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2019/1896 agus sraith oibríochtúil agus anailíse EUROSUR a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 24(1)(b) agus (1)(c) de Rialachán (AE) 2019/1896;

**Cumais náisiúnta maidir le rialú teorann**

6. a áirithiú go leithdháilfear líon leordhóthanach ball foirne buan chun seiceálacha teorann a dhéanamh;

7. cur leis an eolas agus leis an acmhainneacht laistigh d’Fhórsaí Armtha Mhálta chun íospartaigh (féideartha) gáinneála ar dhaoine a bhrath trí oiliúint atá fónta ó thaobh na modheolaíochta de agus bunaithe ar chleachtas a chur ar fáil maidir leis an tslí íospartaigh féideartha a bhrath, a shainaithint agus a láimhseáil;

8. a áirithiú go bhfaighidh gach oifigeach póilíneachta agus oifigeach sibhialtach inimirce nua-earcaithe de chuid Fhórsa Póilíneachta Mhálta an oiliúint garda teorann *sula* n-imscarfar iad ag pointe trasnaithe teorann chun seiceálacha teorann a dhéanamh, agus fad na hoiliúna sin a mhéadú lena áirithiú go dtabharfar a ndóthain ama dóibh chun an leibhéal saineolais is gá a fháil chun seiceálacha éifeachtacha teorann a dhéanamh;

**Seiceálacha teorann**

9. infhaighteacht agus úsáid gléasanna móibíleacha a áirithiú a bhfuil rochtain acu ar na bunachair sonraí ábhartha ag gach pointe trasnaithe teorann farraige chun cáilíocht na seiceálacha teorann ar bord soithí a fheabhsú;

---

1 IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1-131.

10. oiliúint na n-oifigeach póilíneachta a áirithiú maidir le trealamh scrúdaithe doiciméad a úsáid sa dara líne agus feabhas a chur ar a n-eolas foriomlán maidir le doiciméid bhrionnaithe a bhrath chun cáilíocht na seiceálacha teorann a fheabhsú;

11. an nós imeachta um víosaí a eisiúint ag an teorainn sheachtrach a chur i gcomhréir le hAirteagal 35(3) agus (4) den Chód Víosa[1]í trí víosa aonfhoirmeach a eisiúint agus na foirmeacha iarratais ar víosa a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hIarscríbhinn I den Chód Víosaí;

12. feabhas a chur ar dháileadh foláireamh agus faisnéise gaolmhaire ón Aonad um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí chuig údaráis na ngardaí teorann ag an aerfort, go háirithe ar an gcéad líne;

13. a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 8(6) de Chód Teorainneacha Schengen i gcomhar le hAirteagal 21 CFAE agus Airteagal 5(1) de Threoir 2004/38 CE mar aon le *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí trí dheireadh a chur le clárú córasach daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu (i.e. saoránaigh AE/CH/LEE agus a mbaill teaghlaigh) sa chóras rialaithe teorann;

14. nósanna imeachta seiceála teorann maidir le báid phléisiúir a chur i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen agus le hIarscríbhinn VI, pointí 3.2.4 agus 3.2.5, a ghabhann leis, trí sheiceálacha teorann a dhéanamh go córasach ar gach bád pléisiúir agus ar gach soitheach beag ag teorainn Mhálta agus táirgí agus táscairí anailíse riosca a chur ar fáil atá saincheaptha don tseiceáil teorann ar bháid phléisiúir;

**Faireachas ar theorainneacha**

15. an córas radair do-aistrithe a uasghrádú go práinneach trí chlúdach radair iomlán agus ceamaraí leictrea-optúla fadraoin lae/oíche a ráthú a bhfuil raon éifeachtach acu lasmuigh de na huiscí críochacha agus a bhfuil ar a gcumas acu gach rud a théann trasna na n-uiscí críochacha a shainaithint chun feabhas a chur ar fheasacht staide Fhórsaí Armtha Mhálta agus chun léiriú staide iomlán an fhaireachais mhuirí a choinneáil ar bun;

[1] IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1-58.

**Láithreáin shonracha**

***Aerfort Idirnáisiúnta Mhálta***

16. a áirithiú go ndéanfaidh na hoifigigh póilíneachta próifíliú cuí ar shreabhadh na bpaisinéirí ag na geataí Rialaithe Uathoibrithe Teorann; a áirithiú go mbeidh an limistéar ar an dá thaobh de na geataí Rialaithe Uathoibrithe Teorann daingnithe agus a áirithiú nach rachfar timpeall na seiceálacha teorann trí bhacainní fisiciúla a shuiteáil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*